



DRÉACHT COMHAONTÚ COMHROINNTE SONRAÍ

Idir

**An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
agus
Ard-Mhúsaem na hÉireann**

De bhun

An Achta um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019

Chun críche

**Comhroinnt sonraí roimh chomhairliúchán maidir le toiliú
le haghaidh oibreacha ar shéadchomharthaí náisiúnta.**



Clár Ábhar

Léirmhíniú	3
1. Meastóireacht ar Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA)	5
2. Cuspóir na Comhroinnte Sonraí	7
3. Sonraí atá le roinnt	10
4. Feidhm na bPáirtithe	11
5. Bunús Dlí	12
6. Cionsiocair le Comhroinnt Sonraí	13
7. Catagóirí Sonraí Comhroinnte	14
8. Fad agus Minicíocht	15
9. Conas a phróiseálfar sonraí	16
10. Srian	17
11. Bearta Slándála	18
12. Coinneáil	24
13. Modhanna a Úsáidtear chun Sonraí a Scrios	25
14. Tarraingt siar as an gComhaontú	26
15. Nithe Eile	27
16. Sceideal A - Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí	29
17. Sceideal B	30
18. Sceideal C	31
19. Sínteoir Údaraithe	32
Ráiteas DPO na Príomhghníomhaireachta	33
Ráiteas DPO ó Pháirtí/Pháirtithe Eile	34



Léirmhíniú

SAINMHÍNIÚ	BRÍ
Rialaitheoir sonraí	Ag a bhfuil an bhrí a thugtar dó ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679).
Páirtí a nochtann sonraí	Ciallóidh sé an Páirtí a aistroidh sonraí pearsanta chuig an bPáirtí nó chuig na Páirtithe a fhaigheann iad.
Páirtí a fhaigheann sonraí	Ciallóidh sé an Páirtí a fhaigheann sonraí pearsanta ón bPáirtí a nochtann sonraí.
Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCP)	Ciallaíonn sé measúnú a dhéantar chun críocha Airteagal 35 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.
GDPR	Glacfar leis mar thagairt don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679) lena n-áirítear cibé reachtaíocht ghaolmhar a cheadóidh Tithe an Oireachtais.
Príomhghníomhaireacht	Tagraíonn sé don Pháirtí sa chomhaontú seo atá freagrach as na feidhmeanna atá leagtha amach in 18(2), 18(3), 21(3), 21(5), 22(1), 55(3), 56(1), 56(2), 57(4), 58, 60(1) agus 60(4) den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019.
Sonraí Pearsanta	Ag a bhfuil an bhrí a thugtar dó ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679).
Sárú ar shonraí pearsanta	Ag a bhfuil an bhrí a thugtar dó ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679).
Próiseáil	Ag a bhfuil an bhrí a thugtar dó ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679).
Comhlacht Seirbhíse Poiblí (PSB)	A chiallaíonn Comhlacht Poiblí mar a shainmhínítear in alt 10 den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019.
Sonraí pearsanta comhroinnte	A chiallaíonn sonraí a roinntear de bhun an chomhaontaithe seo.

Tábla 1.0



Comhaontú Comhroinnte Sonraí

IDIR

Cuir isteach ainm na Príomhghníomhaireachta, ag a bhfuil a seoladh cláraithe ag:

AINM NA PRÍOMHGHNÍOMHAIREACHTA	SEOLADH
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, D01W6XO

AGUS

Cuir isteach ainm(neacha) Páirtí/Páirtithe Eile sa chomhaontú, ag a bhfuil a sheoladh cláraithe ag:

AINM AN PHÁIRTÍ	SEOLADH
Ard-Mhúsaem na hÉireann	Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2

Aontaíonn na Páirtithe leis seo go nglacfaidh |an Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil & Oidhreachta| ról na Príomhghníomhaireachta chun críche an Chomhaontaithe Comhroinnte Sonraí seo.

Is rialaitheoirí sonraí as a gceart féin iad gach ceann de na Páirtithe sa chomhaontú seo agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu thar a gceann féin, chun a gcríoch féin.



1. Meastóireacht ar Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA)

Trí DPIA a chur i gcrích is féidir cuidiú le rialaitheoirí sonraí a gcuid oibleagáidí maidir leis an dlí um chosaint sonraí a chomhlíonadh. Leagtar amach in [Airteagal 35](#) den GDPR cén uair a bhíonn DPIA de dhíth.

Ba cheart do rialaitheoirí sonraí athmheasúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le gníomhaíochtaí próiseála atá ann cheana féin lena thuigbheáil an bhfuil gá le DPIA anois.

1.1 A aithint cé acu atá DPIA de dhíth nó nach bhfuil

Is féidir leis an seicliosta thíos cuidiú le heagraíochtaí a thuigbheáil má bhíonn DPIA de dhíth orthu uathu de bhun Airteagal 35 GDPR le tacú lena gcomhaontú comhroinnte sonraí. Ba cheart na ceistanna a fhreagairt maidir leis an tionscadal iomlán a bhfreagraíonn an sciar sonraí dó. Cinntíonn sé sin go mbíonn an deis ag Comhlachtaí Seirbhís Phoiblí a bheith trédhearcach agus meastóireacht á déanamh ar rioscaí i dtaca leis na sonraí a bhíonn riachtanach don phróiseas seo.

Baineann comhlánú DPIA leis an chomhaontú comhroinnte sonraí seo mar go n-iarrfar ort achoimre a sholáthar ar aon DPIA a dhéantar i [gCuid 16](#) den doiciméad seo.

Ba cheart don Phríomhghníomhaireacht na ceistanna thíos a chomhlánú i gcuideachta na bPáirtithe Eile a bhfuil baint acu leis an chomhaontú comhroinnte sonraí seo. Téigh i dteagmháil le do OCS maidir leis an cheanglas DPIA a chur i gcrích.

	AN BHFUIL NA NITHE SEO A LEANAS i gCEIST LEIS AN: bPRÓISEAS:	Tá / Níl
1.1.1	Próiseáil a bheith déanta roimh an 25 Bealtaine 2018?	Tá

Tábla 1.1

Más 'Tá' do fhreagra lean ort go dtí [1.2](#)

Más 'Níl' do fhreagra téigh go dtí [1.1.2](#)

	AN BHFUIL NA NITHE SEO A LEANAS i gCEIST LEIS AN: bPRÓISEAS:	Tá / Níl
1.1.2	An bhfuil na sonraí pearsanta á bpróiseáil ar chúis nua?	Roghnaigh Tá / Níl
1.1.3	Cineálacha nua teicneolaíochta a bheith á dtabhairt isteach	Roghnaigh Tá / Níl

Tábla 1.2

Más 'Tá' do fhreagra ar [ceachtar](#) den dá cheist dheireanacha, lean ort go dtí [1.1.4](#).

Más 'Níl' do fhreagra ar an dá cheist dheireanacha, téigh go dtí [1.2](#).

	AN BHFUIL NA NITHE SEO A LEANAS i gCEIST LEIS AN: bPRÓISEAS:	Tá / Níl
1.1.4	Próiseáil ar dócha go mbeidh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh uirthi?	Roghnaigh Tá / Níl

Tábla 1.3

Más 'Tá', do fhreagra is dócha go mbeidh ort DPIA a dhéanamh faoi [Airteagal 35](#) den GDPR.

Más 'Níl', do fhreagra téigh go dtí [1.2](#).



1.2 Breithnithe Breise

Tá cúinsí teoranta ann inar cheart DPIA éigeantach a dhéanamh, fiú sa chás go raibh próiseáil ar siúl sular tháinig an GDPR i bhfeidhm¹.

	AN BHFUIL NA NITHE SEO A LEANAS i gCEIST LEIS AN: bPRÓISEAS:	Tá / Níl
1.2.1	Meastóireacht chórasach agus fhairsing ar ghnéithe pearsanta a bhaineann le daoine nádúrtha atá bunaithe ar phróiseáil uathoibríthe, lena n-áirítear próifiliú, agus ar a bhfuil cinntí bunaithe a mbíonn éifeachtaí dlíthiúla acu a bhaineann le daoine aonair nó a mbíonn tionchar suntasach acu ar dhaoine aonair ar an dóigh chéanna.	Níl
1.2.2	Monatóireacht chórasach ar limistéar atá inrochtana don phobal ar mhórsála..	Níl
1.2.3	Chinn an Coimisiún um Chosaint Sonraí go mbeidh DPIA éigeantach freisin do na cineálacha oibríochta próiseála seo a leanas i gcás ina dtugann scagthástáil dhoiciméadaithe nó réamh-mheasúnú riosca le fios gur dócha go mbeidh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine aonair mar thoradh ar an oibríocht phróiseála de bhun Airteagal 35(1) den GDPR: <u>Liostaí de chineálacha oibríochtaí próiseáil sonraí a mbíonn DPIA de dhíth orthu.</u> <i>(mura n-oibríonn an hipearnasc seo, bain úsáid as an url seo a leanas: https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2018-11/Data-Protection-Impact-Assessment.pdf)</i>	Níl

Tábla 1.4

Más '**Tá**' do fhreagra ar cheann ar bith ansin is dócha go mbeidh ort DPIA a dhéanamh faoi [Airteagal 35](#) den GDPR.

Más '**Níl**', do fhreagra ar gach ceann b'fhéidir nach mbeadh DPIA de dhíth.

¹ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02016R0679-20160504>



2. Cuspóir na Comhroinnte Sonraí

2.1 Creat

Leagtar amach sa Chomhaontú Comhroinnte Sonraí seo an creat chun sonraí pearsanta a chomhroinnt idir na Páirtithe agus sainítear ann na prionsabail agus na nósanna imeachta a gclóifidh na Páirtithe leo agus na comhfhreagrachtaí atá idir na Páirtithe.

Tá gá leis an gcomhaontú seo chun a chinntiú go ndéanfar aon chomhroinnt sonraí pearsanta de réir GDPR agus an Achta um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019, agus aontaíonn gach Páirtí a bheith faoi cheangal ag an gcomhaontú sin go dtí go gcuirfear deireadh leis an gcomhaontú, nó go dtarraingeoidh an Páirtí siar as an gcomhaontú.

Ní phróiseálfaidh na Páirtithe sonraí pearsanta comhroinnte ar bhealach nach luíonn leis na cuspóirí ábhartha ná leis an gcomhaontú seo.

Cinntoidh na Páirtithe go mbeidh an Comhaontú Comhroinnte Sonraí oiriúnach don fheidhm, cruinn agus cothrom le dáta i gcónaí.

Déanfaidh na Páirtithe faireachán gníomhach agus athbhreithniú tréimhsiúil ar an socrú comhroinnte sonraí chun a chinntiú go leanann sé de bheith ag comhlíonadh an dlí um chosaint sonraí, go leanann sé dá chuspóir a chomhlíonadh, go leanann na coimircí de bheith ag teacht le haon rioscaí a bhaineann leis, go mbíonn taifid cruinn agus cothrom le dáta, go gclóítear leis an tréimhse choinneála sonraí a comhaontaíodh agus go gcoinnítear leibhéal iomchuí slándála sonraí.

Ní mór do na Páirtithe aghaidh a thabhairt ar na moltaí go léir a dhéanann an Bord um Rialachas Sonraí maidir leis an gComhaontú Comhroinnte Sonraí seo.



2.2 Comhlíonadh Feidhme

I gcás ina nochtann comhlacht poiblí sonraí pearsanta do chomhlacht poiblí eile faoin gcomhaontú seo, is chun críche feidhm de chuid na gcomhlachtaí poiblí a luaitear a chomhlíonadh, agus chun críoch amháin nó níos mó díobh seo a leanas a chomhlíonadh (roghnaigh le do thoil):

Ní hea.	CUR SÍOS	Rogh naigh
I	Chun aitheantas duine a fhíorú, i gcás ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí ag soláthar nó ag moladh seirbhís a sholáthar don duine sin	<input type="checkbox"/>
II	Faisnéis earráideach atá i seilbh ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear a shainaithint agus a cheartú	<input type="checkbox"/>
III	Chun an t-ualach airgeadais nó riaracháin a chuirfí murach sin ar dhuine a bhfuil nó a mbeidh seirbhís á seachadadh dó ag ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear, sa chás go mbíonn ceann de na comhlachtaí poiblí a luaitear chun sonraí pearsanta a bhailiú go díreach ón duine sin	<input type="checkbox"/>
IV	Teidlíocht duine ar sholáthar seirbhíse a dheimhniú atá á seachadadh ag ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear, ar bhonn faisnéise a chuir an duine sin ar fáil roimhe sin do cheann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear (nó comhlacht poiblí eile a nocht an fhaisnéis roimhe sin do cheann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear)	<input type="checkbox"/>
V	Riarachán, maoirseacht agus rialú seirbhíse, cláir nó beartais a éascú a sheachadtar nó a chuirtear chun feidhme nó atá le seachadadh nó le hur chun feidhme, de réir mar a bheidh, ag ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear nó thar a cheann	<input checked="" type="checkbox"/>
VI	Feabhas nó spriocdhírú seirbhíse, cláir nó beartais a éascú a sheachadtar nó a chuirtear chun feidhme nó atá le seachadadh nó le cur chun feidhme, de réir mar a bheidh, ag ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear nó thar a cheann	<input type="checkbox"/>
VII	Chun gur féidir meastóireacht, maoirseacht nó athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhís, clár nó beartais a sheachadtar nó a chuirtear chun feidhme nó atá le seachadadh nó le cur chun feidhme, de réir mar a bheidh, ag ar son nó thar ceann ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear	<input checked="" type="checkbox"/>
VIII	Chun anailís a éascú ar struchtúr, feidhmeanna, acmhainní agus modhanna seachadta seirbhíse, ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear	<input type="checkbox"/>

Tábla 2.2

2.3 Sonraí faoin gCuspóir

Tabhair sonraí faoi chuspóir ar leith an Chomhaontaithe comhroinnte sonraí seo.

CUSPÓIR	CUR SÍOS
Tábla 2.2.: V	Riar, maoirsiú agus rialú seirbhíse, cláir nó beartais a sheachadtar nó a chuirtear i bhfeidhm nó atá á seachadadh nó á gcur i bhfeidhm a éascú, de réir mar a bheidh, ag, thar ceann, ar son nó thar ceann ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear.
Tábla 2.2.: VII	Anailís a éascú ar struchtúr, feidhmeanna, acmhainní agus modhanna seachadta seirbhíse ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear. Roinntear na sonraí seo chun an riarachán a bhaineann le heisiúint iarratais maidir le toiliú le haghaidh oibreacha ar shéadchomharthaí náisiúnta a éascú. Tá freagracht agus rialú ar ár Roinn maidir le seachadadh agus feidhmiú iarratais le haghaidh toiliú le haghaidh



	<p>oibreacha ar shéadchomharthaí náisiúnta thar ceann Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta atá ina cuid den Roinn Tithíochta, Rialtais Aitiúil & Oidhreachta. Is comhairlí reachtúil é Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir leis na ceadúnais seo.</p> <p>Trí na sonraí a roinnt is féidir measúnú, maoirseacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais maidir le toiliú le haghaidh oibreacha ar shéadchomharthaí náisiúnta thar ceann Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus freisin thar ceann Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann atá ina chomhairlí reachtúil maidir leis na hiarratais seo.</p>
--	---

Tábla 2.3



3. Sonraí atá le roinnt

3.1 Cáilíocht

Déanfaidh na Páirtithe gach beart réasúnach chun a áirithiú go mbeidh aon sonraí pearsanta a phróiseáiltear cruinn, coinnithe cothrom le dáta, agus go scríosfar nó go gceartófar na sonraí atá míchruinn, ag féachaint do na críocha ar ar próiseáladh iad, a luaithe is indéanta.

Ní bheidh sonraí pearsanta comhroinnte teoranta do na sonraí pearsanta a thuiriscítear i [dtábla 3.4](#) a ghabhann leis an gcomhaontú seo agus ní roinnfear iad ach amháin ar an mbealach a leagtar amach i [dtábla 11.2](#) atá le fáil ann. I gcás ina gcuireann an t-ábhar sonraí sonraí míchruinne in iúl do pháirtí is faighteoir, tá sé d'oibleagáid ar an bpáirtí sin fógra a thabhairt don pháirtí nocht.

3.2 Cearta Ábhair

Sa mhéid go bpróiseálann an Páirtí/na Páirtithe a fhaigheann sonraí na sonraí pearsanta comhroinnte, mar rialaitheoir sonraí, déileálfaidh an Páirtí/na Páirtithe a fhaigheann sonraí le hábhair sonraí agus iad ag feidhmiú na gceart atá leagtha amach san GDPR, lena n-áirítear an ceart rochtana, an ceart chun ceartúcháin, scriosta, srianadh próiseála agus iniomparthacht sonraí, ach gan a bheith teoranta dóibh.

Tá sé de cheart ag ábhair sonraí faisnéis áirithe a fháil faoi phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta trí iarratas ar rochtain ar ábhar sonraí.

Is é / iad an Páirtí / na Páirtithe a fhaigheann sonraí a dhéileálfaidh go díreach le hiarratais ar rochtain ar ábhar sonraí maidir le sonraí a phróiseálann siad. Déileálfaidh siad go díreach le hiarratais ar rochtain ar ábhar sonraí maidir le sonraí a phróiseálann an Páirtí/na páirtithe a nocht sonraí roimh an aistriú.

3.3 Comhroinnt le Triú Páirtithe

Ní roinnfidh an Páirtí/na páirtithe a fhaigheann sonraí sonraí comhroinnte an duine le haon duine nár údaraíodh chun na sonraí sin a phróiseáil.

3.4 Mionsonraí na faisnéise atá le nochtadh

Tabhair mionsonraí faoin tacar sonraí pearsanta atá le nochtadh agus mionsonraí aon sonraí neamhphearsanta.

Tabhair faoi deara:

Má bhíonn na sonraí neamhphearsanta agus na sonraí pearsanta nasctha le chéile sa mhéid is go mbeidh na sonraí neamhphearsanta in ann ábhar sonraí a shainnithint, beidh feidhm iomlán ag na cearta agus na hoibleagáidí cosanta sonraí a thagann chun cinn faoin GDPR maidir leis an tacar sonraí measctha iomlán, fiú más cuid bheag den tacar iad na sonraí pearsanta.

CUR SÍOS	
Sonraí Pearsanta Comhroinnte	Ainm an iarratasóra, seoladh, Seoladh ríomhphoist, Uimhir/uimhreacha gutháin, mar atá leagtha amach ar an bhfoirm iarratais.
Sonraí Neamhphearsanta	Cúis na n-oibreacha, suíomh beacht, uimhir agus ainm an tséadchomhartha náisiúnta, sonraí an úinéara (Aire, Údarás Áitiúil, Ordú um Chaomhnú, cur síos ar na hoibreacha beartaithe)

Tábla 3.4



4. Feidhm na bPáirtithe

4.1 Feidhm na bPáirtithe

I dtábla 4.1 thíos:

- i. Sonraigh feidhm an pháirtí a nochtann sonraí lena mbaineann cuspóir (mar a shainmhínítear i [dtábla 2.3](#)) na comhroinnte sonraí
- ii. Sonraigh feidhm an pháirtí a fhaigheann sonraí lena mbaineann cuspóir (mar a shainmhínítear i [dtábla 2.3](#)) na comhroinnte sonraí.

PÁIRTÍ	FEIDHM
i. An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	An tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta don Aire arb é an t-údarás ceadúnaithe é faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014. Tá an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta freagrach as feasacht agus léirtheiscint ar oidhrecht seandálaíochta na hÉireann a chothú agus as Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014 a chur i bhfeidhm maidir le cosaint séadchomharthaí seandálaíochta agus longbhríste stairiúla agus ceadúnú nó rialú eile ar raon gníomhaíochtaí.
ii. Ard-Mhúsaem na hÉireann	Tá Ard-Mhúsaem na hÉireann freagrach as bailiúcháin chultúrtha a bhaineann le raon leathan disciplíní oidhreachta in Éirinn a fháil, a chaomhnú, a thaighde agus a léirmhíniú. Tá ról reachtúil comhairliúcháin ag Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann sa phróiseas ceadúnaithe tochailte faoi théarmaí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014. Is é Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann an t-údarás ceadúnaithe chun ceadúnais a athrú agus a eisiúint. chun réada seandálaíochta a onnmhairiú faoi théarmaí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014.

Tábla 4.1



5. Bunús Dlí

5.1 Forais Dlí

Chun na gcríoch a shaináithnítear sa Chomhaontú Comhroinnte Sonraí seo, deimhníonn na Páirtithe go bhfuil comhroinnt agus próiseáil bhreise na sonraí pearsanta sainithe bunaithe ar na forais dhlíthiúla a leagtar amach in 5.1.1 agus 5.1.2.

5.1.1 Forálacha Reachtacha Iomchuí

Sainmhíneadh an fhoráil chuí dlí le haghaidh tuilleadh próiseála bunaithe ar an méid seo a leanas:

- i. Tá an phróiseáil riachtanach chun an tasc a chomhlíonadh a chuirtear i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarás oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir (GDPR Airteagal 6.1 (e)) |

Sonraigh an oibleagáid dhlíthiúil maidir le comhroinnt sa tábla thíos.

REACHTAÍOCHT	CUR SÍOS
S.13(2)(a)(ii)(v) agus (VII)	Tá an phróiseáil seo dleathach faoi Airteagal 6(1)(e) den GDPR agus faoi Alt 26(2) d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 (arna leasú) agus faoi Alt 13 den DSGA faoi reachtaíocht DSGA. m.Sh. a.13(2)(a)(ii)(v) agus (VII).

Tábla 5.1.1

5.1.2 Forálacha Reachtacha Cuí le haghaidh Tuilleadh Próiseála

Sainmhíneadh an fhoráil dlí iomchuí maidir le comhroinnt bunaithe ar an méid seo a leanas:

REACHTAÍOCHT	CUR SÍOS
	Níl i gceist – Ní dhéantar tuilleadh próiseála.

Tábla 5.1.2



6. Cionsiocair le Comhroinnt Sonraí

Sonraigh an chionsiocair (an t-inspreagadh nó an cás ina mbeidh sochair á mbaint amach) maidir leis na sonraí a roinnt faoin gcomhaontú.

TIOCFADH AN CHIONSIOCAIR CHUN SONRAÍ A NOCHTADH Ó:	CUIR TIC DE RÉIR MAR IS CUÍ
i. An t-ábhar sonraí	<input checked="" type="checkbox"/>
ii. Comhlacht Poiblí	<input checked="" type="checkbox"/>

Tábla 6.0



7. Catagóirí Sonraí Comhroinnte

Féadfaidh na sonraí pearsanta a roinntear a bheith i ndáil le hábhair sonraí aonair agus / nó le haicmí ábhair sonraí. Is féidir aicmí ábhair sonraí a shainmhíniú de réir na bpáirtithe atá i gceist agus roinnt samplaí a d'fhéadfadh a bheith ann ná custaiméirí, díoltóirí, soláthróirí, cuairteoirí, srl.

Is é is sonraí comhiomlánaithe ann faisnéis a bhailítear agus a chuirtear in iúl i bhfoirm achomair chun críocha amhail anailís staidrimh, agus mar sin ní sonraí pearsanta iad chun críocha an dlí um chosaint sonraí agus GDPR agus níl siad mar an gcéanna le haicmí ábhar sonraí.

Roghnaigh ón tábla thíos agus déan trácht de réir mar is cuí.

CATAGÓIR		TRÁCHT
Ábhar Sonraí Aonair	<input checked="" type="checkbox"/>	
Aicmí na nÁbhar Sonraí	<input type="checkbox"/>	

Tábla 7.0



8. Fad agus Minicíocht

8.1 Fad

Sainmhíneadh dátaí tosaigh agus deiridh an aistriú faisnéise:

- i. [Cuirfear tús leis an gComhaontú Comhroinnte Sonraí an 16.12.2022 agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí go n-aontaíonn na páirtithe deireadh a chur leis an gcomhaontú.]

8.2 Minicíocht

Léirigh an cineál aistriú a bheidh ag teastáil le cur síos.

CINEÁL		CUR SÍOS
Uair amháin	<input type="checkbox"/>	
Nuashonruithe minice/rialta	<input type="checkbox"/>	
Minicíocht eile	<input checked="" type="checkbox"/>	Agus gach iarratas ar thoilíú á phróiseáil.

Tábla 8.2



9. Conas a phróiseálfar sonraí

9.1 Oibleagáidí na bPáirtithe maidir le Próiseáil Chóir agus Dhleathach

Áiríteoidh gach Páirtí go bpróiseálann sé na sonraí pearsanta comhroinnte go cothrom agus go dleathach. Comhlíonfaidh gach ceann acu ceanglais an Achta um Chosaint Sonraí 2018, GDPR agus aon reachtaíocht lena leasaítear nó lena leathnaítear sin, i ndáil leis na sonraí a mhalartaítear.

Gabhann gach Páirtí air féin na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den GDPR a chomhlíonadh, agus faisnéis faoin gComhaontú Comhroinnte Sonraí seo á nochtadh.

Áiríteoidh an dá Pháirtí, i ndáil le sonraí pearsanta comhroinnte, go soláthróidh an t-oifigeach faisnéis leordhóthanach do na hábhair sonraí chun go dtuigfidh siad cad iad na comhpháirteanna dá sonraí pearsanta atá á gcomhroinnt ag na Páirtithe, na críocha chun sonraí a chomhroinnt agus céannacht an chomhlachta lena roinntear na sonraí nó tuairisc ar an gcineál eagraíochta a gheobhaidh na sonraí pearsanta.

9.2 Cur síos ar phróiseáil

Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanfaidh gach páirtí glactha an fhaisnéis noхта a phróiseáil.

CUR SÍOS AR PHRÓISEÁIL	
Ard-Mhúsaem na hÉireann	Úsáidfidh Ard-Mhúsaem na hÉireann an fhaisnéis a gheofar chun aon trácht nó tuairimí a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le hiarratas ar leith a chur ar aghaidh chuig Seirbhís na Seádchomharthaí Náisiúnta roimh aon chinneadh maidir leis an iarratas sin.

Tábla 9.2

9.3 Próiseáil Bhreise

- Sonraigh aon phróiseáil bhreise a dhéanann an Páirtí nó na Páirtithe a fhaigheann sonraí faoi na sonraí pearsanta a nochtann an comhlacht noхта faoin gComhaontú Comhroinnte Sonraí seo.

SONRAIGH TUILLEADH PRÓISEÁLA	
Ard-Mhúsaem na hÉireann	Níl i gceist – Ní dhéantar tuilleadh próiseála.

Tábla 9.3.1



10. Srianta

Sonraigh aon srianta ar nochtadh faisnéise tar éis don Pháirtí nó do na Páirtithe sonraí a fháil a phróiseáil ar na sonraí pearsanta a nochtann an comhlacht nochta faoin gComhaontú Comhroinnte Sonraí seo. Cuir síos ar na srianta, más ann dóibh, a bhfuil feidhm acu maidir le tuilleadh faisnéise a nochtadh i dtábla 10.0 thíos.

SRIANTA AR NOCHTADH TAR ÉIS PRÓISEÁLA	
Ard-Mhúsaem na hÉireann	Seachas nuair a éilíonn an dlí, níor cheart go nochtadh Ard-Mhúsaem na hÉireann na sonraí pearsanta gan cead sainráite ó Sheirbhís na Seádchomharthaí Náisiúnta

Tábla 10.0



11. Bearta Slándála

11.1 Slándáil agus Oiliúint

Cloífidh an dá Pháirtí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i [dtábla 11.2](#) thíos, maidir le haistriú agus fáil sonraí.

Aontaíonn an Páirtí/na páirtithe a fhaigheann sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 32 den GDPR, bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun na sonraí pearsanta comhroinnte atá ina seilbh a chosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach, go háirithe ó scriosadh, cailleanas, athrú, nochtadh neamhúdaraithe na sonraí pearsanta comhroinnte a tarchuireadh, a stóráiltear nó a phróiseáiltear ar bhealach eile de thaisme nó neamhdhleathach.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh leis sin, ach níl sé teoranta dóibh:

- Beartais, treoirlínte agus nósanna imeachta lena rialaítear slándáil faisnéise.
- Cosaint pasfhocail le haghaidh rochtain ar ríomhaire.
- Glasáil uathoibríoch ríomhairí díomhaoine.
- Bogearraí frithviris chuí agus ballaí dóiteáin a úsáidtear chun sláine agus slándáil sonraí a phróiseáiltear go leictreonach a chosaint.
- Aitheantóirí uathúla do gach úsáideoir a bhfuil rochtain acu ar shonraí.
- Níl rochtain ag fostaithe ach ar shonraí pearsanta a theastaíonn uathu chun a gcuid post a dhéanamh.
- Slándáil chuí nuair a cheadaítear cianrochtain.
- Criptiú sonraí atá á gcoinneáil ar ghléasanna iniompartha.
- Nósanna imeachta maidir le sárú sonraí.
- Slándáil fhisiciúil chuí.
- Oiliúint agus feasacht foirne.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an bhfoireann a bhfuil rochtain acu ar shonraí.
- Rochtain fhisiciúil ar chórais TF agus ar réimsí ina stóráiltear sonraí páipéarbhunaithe a rialú.
- Beartas glandeisce a ghlacadh.
- Teicnící iomchuí chun sonraí a scriosadh.
- Cúltaic sonraí lasmuigh den láthair a bheith ann.

Áiritheoidh an dá Pháirtí go gcloífeadh leis na caighdeáin slándála is iomchuí maidir le haistriú sonraí pearsanta faoin gcomhlíonadh sin.

Áiritheoidh an Páirtí/na páirtithe a fhaigheann sonraí go mbeidh sé d'obleagáid ar gach duine a bhfuil rochtain acu ar na sonraí pearsanta agus a phróiseálann na sonraí pearsanta na sonraí pearsanta a choinneáil faoi rún.

Áiritheoidh an Páirtí/na páirtithe a fhaigheann sonraí go gcuirfeadh oiliúint chuí ar fhostaithe a bhfuil rochtain acu ar na sonraí agus go mbeidh siad ar an eolas faoina bhfreagrachtaí maidir le cosaint sonraí i leith na sonraí sin.

Beidh rochtain ar na sonraí a sholáthraíonn an Páirtí a nochtann sonraí teoranta do dhaoine ar bhonn na pribhléide is lú, ar leor iad chun ligean do na daoine sin a ról a chomhlíonadh.

Coinneoidh gach Páirtí na sonraí slán agus cinnteoidh sé go n-aistrefar go slán iad de réir nósanna imeachta an chomhaontaithe seo.



11.2 Bearta Slándála Breactha

Chun críche an chomhaontaithe seo, ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar na coimircí sonraí a leagtar amach sna hailt agus sna fo-ailt seo a leanas:

- 11.2.1 –Príomhghníomhaireachta/Príomhpháirtí ag Nochtadh Sonraí
- 11.2.2 – Páirtí/Páirtithe a fhaigheann Sonraí
- 11.2.3 – Sáruithe agus Tuairisciú Sonraí

11.2.1 Príomhghníomhaireacht/ Páirtí Ag Nochtadh Sonraí

Ba cheart don Phríomhghníomhaireacht/Príomhpháirtí a nochtann sonraí sa socrú comhroinnte sonraí na ceisteanna seo a leanas a chomhlánú.

Ba cheart gach ceist a fhreagairt ar bhealach nach gcuireann isteach ar aon bhearta slándála atá i bhfeidhm.

11.2.1.1	TARCHUR	COMHLÍONANN	NÍ CHOMHLÍONANN
	<p>NÍ CHOMHLÍONANN Nuair a bhíonn sonraí á dtarchur ón</p> <p>Phríomhghníomhaireacht/Phríomhpháirtí a nochtann sonraí don pháirtí / do na páirtithe a fhaigheann sonraí, bíonn seirbhísí criptithe sonraí láidre (nó a leithéid) in úsáid.</p> <p>Tabhair sonraí, le do thoil.</p>	<input checked="" type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
		<p>Nuair a bhíonn sonraí pearsanta roinnte á dtarchur, baintear úsáid as deimhnithe slándála cuí agus an leibhéal criptithe is aired atá ar fail chuige sin. Criptítear sonraí pearsanta ar fos go dtí an leibhéal is aired ar fail. Ní mór do na páirtithe lena mbaineann prionsabail an údaráis is lú a leanúint. Ní cheadaítear ach do dhaoine atá údaraithe féachaint ar na sonraí pearsanta é sin a dhéanamh.</p> <p>Ceadanna úsáideora cuí i bhfeidhm chun é seo a chinntiú</p>	

Tábla 11.2.1

11.2.1.2 – RÁITEAS SLÁNDÁLA

Tabhair breac-chuntas ar na bearta slándála atá le húsáid le sonraí pearsanta a tharchur, ar bhealach nach mbaineann de na bearta slándála sin.

Is féidir leat sonraí a sholáthar fosta faoi bhearta breise atá i bhfeidhm le sonraí a roinnt a bhaineann leis an socrú seo.

Déantar sonraí pearsanta a tharchuirtear ón Roinn a chriptiú ag baint úsáide as an criptiúchán is airde atá ar fáil, úsáideann an Roinn ballaí dóiteáin den chéad ghlúin eile ar an imlíne chun a chinntiú go bhfuil sonraí daingnithe le linn tarchurtha. |



11.2.1.3 Speialtóir Slándála na Príomhghníomhaireachta	Deimhním / Ní dheimhním
Deimhnigh le do thoil go ndearna do speialtóir slándála athbheithniú ar an Chomhaontú Comhroinnte Sonraí seo agus gur cuireadh a gcomhairle san áireamh.	Deimhním

Tábla 11.2.2



11.2.2 Páirtí/Páirtithe a fhaigheann Sonraí

Ba cheart don Pháirtí a fhaigheann nochtadh sonraí na ceisteanna seo a leanas a chomhlánú mar chuid den Chomhaontú Comhroinnte Sonraí seo.

Sa chás go gcuirtear isteach freagra 'neamhbhainteach', déan cinnte go gcuirtear faisnéis ar fáil faoi cén fáth.

Ba cheart gach ceist a fhreagairt ar bhealach nach gcuireann isteach ar aon bhearta slándála atá i bhfeidhm.

11.2.2	PÁIRTÍ/PÁIRTITHE A FHAIGHEANN RÁITIS SONRAÍ	COMHLÍON ANN	NÍ CHOMHLÍON ANN	NEAMHBHAINTEACH
11.2.2.1	<p>Maidir leis na sonraí a nochtar - déantar ceadanna rochtana agus údaruithe a bhainistiú go cuí agus go tréimhsiúil.</p> <p>Tabhair sonraí, le do thoil, maidir le gach ráiteas neamh-chomhlíontach nó 'neamhbhainteach'.</p>	<input checked="" type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
11.2.2.2	<p>Tá rialuithe cuí i bhfeidhm má bhíonn na sonraí a nochtar á rochtain go cianda.</p> <p>Tabhair sonraí, le do thoil.</p>	<input checked="" type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
11.2.2.3	<p>Tá prionsabal is lú pribhléid (nó prionsabal comhchosúil) i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfiordheimhnítear úsáideoirí i gcomhréir leis an leibhéal riosca a bhaineann le rochtain ar na sonraí.</p> <p>Tabhair sonraí, le do thoil.</p>	<input checked="" type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>



<p>11.2.2.4</p>	<p>Tá rialuithe agus beartais iomchuí i bhfeidhm, a íoslaghdaíonn an riosca ar rochtain neamhúdaraíthe (m.sh. trí mheáin inbhainte).</p> <p>Tabhair sonraí, le do thoil, faoi na bearta cosanta atá i bhfeidhm agus faoin dóigh a ndéantar iad a bhainistiú.</p>	<input checked="" type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
<p>11.2.2.5</p>	<p>Déantar sonraí a chriptiú ar fos ar ghléasanna soghluaiste mar ríomhairí glúine agus meáin inbhainte.</p> <p>Tabhair sonraí, le do thoil, maidir le gach ráiteas neamh-chomhlíontach nó 'neamhbhainteach'.</p>	<input checked="" type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
<p>11.2.2.6</p>	<p>Tá beartais, oiliúint agus rialuithe i bhfeidhm chun an riosca a íoslaghdú go sábháilfaí sonraí lasmuigh den chóras ar bhealach míchuí nó chuig suíomh míchuí nach bhfuil chomh slán.</p> <p>Tabhair sonraí, le do thoil.</p>	<input checked="" type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
<p>11.2.2.7</p>	<p>An bhfuil beartas i bhfeidhm agat a chosnaíonn sonraí ó léirsciosadh de thaisme nó ó chaillteanas eile?</p> <p>Tabhair sonraí, le do thoil.</p>	<p>Déantar sonraí a chúltacú go rialta chuig stórtha líonmhara</p>		



<p>11.2.2.8</p> <p>An stóráiltear sonraí in áit shlán go díreach chomh fada agus is gá agus ansin an scriostar go sábháilte iad?</p> <p>Tabhair sonraí, le do thoil.</p>	<p>Ní scriosfar sonraí a aistrítear toisc go bhfuil ar Ard-Mhúsaem na hÉireann faisnéis a chuirtear ar fáil chun críocha taighde stairiúil a choinneáil mar chartlann ainmnithe faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986 </p>
--	--

Tábla 11.2.3

11.2.2.9 – RÁITEAS SLÁNDÁLA

Tabhair breac-chuntas ar na bearta slándála atá le húsáid le sonraí pearsanta a stóráil agus a rochtain, ar bhealach nach mbaineann de na bearta slándála sin.

Is féidir leat sonraí a sholáthar fosta faoi bhearta breise atá i bhfeidhm a bhaineann leis an socrú seo.

Seoltar iarratais ar ríomhphost ag baint úsáide as ríomhairí glúine na Roinne faoi bhearta slándála IT na Roinne atá i bhfeidhm cheana féin, stóráiltear an fhaisnéis go léir ar fhreastalaithe na Roinne amháin, tá sonraí inrochtana don fhoireann amháin, tá sonraí leibhéal an-íseal á roinnt, ainmneacha, seoltaí, uimhreacha gutháin.

Coinnítear na sonraí a fhaigheann Ard-Mhúsaem na hÉireann go slán de réir a oibleagáidí faoi Airteagal 32 GDPR Slándáil sonraí pearsanta.

Roinntear sonraí leis na tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta trí úsáid a bhaint as criptiúchán TLS le teastais an fhreastalaí. Tá rochtain ar shonraí stóráilte teoranta d'úsáideoirí údaráithe amháin agus déantar athbhreithniú go tréimhsiúil ar rochtain. |

11.2.2.10 SPEISIALTÓIR SLÁNDÁLA DO PHÁIRTÍ/PÁIRTITHE A FHAIGHEANN SONRAÍ

Deimhním / Ní dheimhním

Deimhnigh le do thoil go ndearna speisialtóir/ speisialtóirí slándála an Pháirtí/na bPáirtithe a fhaigheann sonraí, go ndearna siad athbhreithniú ar an gComhaontú Comhroinnte Sonraí seo agus gur cuireadh a gcomhairle san áireamh.

Deimhním |

Tábla 11.2.4

11.3 Sárúithe agus Tuairisciú Sonraí

Má tharlaíonn sárú i ndáil le sonraí pearsanta tar éis na sonraí a tharchur chuig an Pháirtí/ na Páirtithe a fhaigheann sonraí, gníomhóidh an Páirtí /na Páirtithe a fhaigheann sonraí de réir Phróiseas fógartha sárúithe an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus de réir cheanglais GDPR.



12. Coinneáil

Sainmhínigh na ceanglais choinneála maidir leis an bhfaisnéis noхта nó fad an Chomhaontaithe Comhroinnte Sonraí agus i gcás ina bhfóirceantar an comhaontú, maidir leis an nithe seo a leanas:

1. an fhaisnéis atá le nochtadh agus
2. an fhaisnéis a eascraíonn as próiseáil na faisnéise noхта sin

CINEÁL FAISNÉISE	CEANGLAIS CHOINNEÁLA
1. Faisnéis atá le nochtadh	Coinníonn Ard-Mhúsaem na hÉireann an fhaisnéis seo mar thaifead ar luach marthanach chun críocha taighde stairiúil mar chartlann ainmnithe faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986
2. Faisnéis a eascraíonn as próiseáil na sonraí	Coinníonn Ard-Mhúsaem na hÉireann an fhaisnéis seo mar thaifead ar luach marthanach chun críocha taighde stairiúil mar chartlann ainmnithe faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986

Tábla 12.0



13. Modhanna a Úsáidtear chun Sonraí a Scrios

Sonraí faoin gcaoi a scriosfar faisnéis ag deireadh na tréimhse coinneála mar a shainmhínítear sa Chomhaontú comhroinnte sonraí, le haghaidh:

1. an fhaisnéis atá le nochtadh agus
2. an fhaisnéis a eascraíonn as próiseáil na faisnéise nochta sin

CINEÁL FAISNÉISE	CUR SÍOS
1. Faisnéis atá le nochtadh	Níl i gceist" - Coinníonn Ard-Mhúsaem na hÉireann an t-eolas seo mar thaifead ar luach marthanach chun críocha taighde stairiúil mar chartlann ainmnithe faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986.
2. Faisnéis a eascraíonn as na sonraí a phróiseáil	Níl i gceist" - Coinníonn Ard-Mhúsaem na hÉireann an t-eolas seo mar thaifead ar luach marthanach chun críocha taighde stairiúil mar chartlann ainmnithe faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986.

Tábla 13.0



14. Tarraingt siar as an gComhaontú

14.1 Nós Imeachta

Geallann gach Páirtí fógra [90 lá] ar a laghad a thabhairt go bhfuil sé ar intinn aige tarraingt siar as an gComhaontú Comhroinnte Sonraí seo nó é a fhoirceannadh.

Forchoimeádann gach Páirtí a nochtann sonraí pearsanta de bhun an Chomhaontaithe seo an ceart rochtain ar na sonraí sin a tharraingt siar, gan fógra, i gcás ina bhfuil cúis ag an bPáirtí sin a chreidiúint nach bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe comhroinnte sonraí seo á gcomhlíonadh. Ní ghlacfaidh gach Páirtí a nochtann sonraí aon fhreagracht as aon iarmhairtí a eascraíonn as feidhmiú an chirt seo.

I gcás inar deimhin leis an bPáirtí nochtta ina dhiaidh sin go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe comhroinnte sonraí á gcomhlíonadh, déanfar rochtain a athchóiriú láithreach.

I gcás ina dtarraingeofar siar rochtain ar shonraí pearsanta comhroinnte, soláthróidh an Páirtí a tharraingeoidh siar cúiseanna leis an tarraingt siar sin don Pháirtí eile a luaithe is indéanta ina dhiaidh sin. I gcás nach bhfuil ach 2 Pháirtí ann, measfar gur foirceannadh an chomhaontaithe é tarraingt siar ceachtar acu. I gcás ina bhfuil iliomad Páirtithe ag comhaontú agus ina dtarraingíonn ceann amháin siar, ba cheart don Phríomhghníomhaireacht an sceideal a nuashonrú agus na Páirtithe eile a chur ar aneolas faoi gcomhaontú.

I gcás ina rachaidh Comhaontú comhroinnte sonraí in éag nó ina bhfoirceannfar é, tabharfaidh an Phríomhghníomhaireacht fógra i scríbhinn don Aire laistigh de 10 lá ón tarraingt siar. Tabharfaidh an Phríomhghníomhaireacht fógra freisin don Bhord um Rialachas Sonraí a luaithe is indéanta tar éis dul in éag nó foirceannadh den sórt sin, de réir mar a bheidh.

14.2 Buanseasmhacht

Má chinneann aon chúirt nó údarás eile dlínse inniúla aon fhoráil den chomhaontú seo (nó cuid d'aon fhoráil) a bheith neamhbhailí, mídhleathach nó neamh-infheidhmithe, measfar, a mhéid is gá, nach cuid den chomhaontú seo í an fhoráil sin nó le cuid d'aon fhoráil, agus ní dhéanfar difear do bhailíocht agus d'in-fhorfheidhmitheacht fhorálacha eile an chomhaontaithe seo.



15. Nithe Eile

15.1 Athrú

Ní bheidh aon athrú ar an gcomhaontú seo éifeachtach mura bhfuil sé i ndrúacht-chomhaontú bailí leasaithe arna fhorghníomhú ag na Páirtithe sa Chomhaontú Comhroinnte Sonraí seo de réir na nósanna imeachta agus na gceanglas atá leagtha amach i gCuid 9, caibidil 2 den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019.

15.2 Athbhreithniú ar an gComhaontú Comhroinnte Sonraí

Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú ar oibriú an Chomhaontaithe comhroinnte sonraí ar bhonn rialta, agus déanfar gach athbhreithniú den sórt sin ar dháta nach faide ná 5 bliana ó:

- i. i gcás an chéad athbhreithnithe den sórt sin, an dáta ar tháinig an Comhaontú comhroinnte sonraí i bhfeidhm, agus
- ii. i gcás gach athbhreithnithe ina dhiaidh sin, dáta an athbhreithnithe roimhe sin. Breithneofar in athbhreithniú faoi alt 20(1) tionchar na n-athruithe teicniúla, beartais agus reachtacha a tharla ó dháta an athbhreithnithe roimhe sin faoi alt 20(1).

I gcás ina measfaidh na Páirtithe sa Chomhaontú comhroinnte sonraí gur iomchuí tar éis athbhreithniú a bheith curtha i gcrích, ullmhóidh siad Comhaontú comhroinnte sonraí leasaithe chun na hathruithe teicniúla, beartais agus reachtacha a tharla ó dháta an athbhreithnithe roimhe sin nó an dáta éifeachtach a chur san áireamh. Déanfaidh na Páirtithe an comhaontú leasaithe a fhorghníomhú de réir na nósanna imeachta agus na gceanglas atá leagtha amach i gCuid 9, caibidil 2 den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019.

15.3 Dlínsé

Beidh an comhaontú seo agus aon díospóid nó éileamh (lena n-áirítear díospóidí nó éilimh neamhchonarthacha) a eascraíonn as nó i dtaca leis nó lena ábhar nó lena fhoirmiú faoi rialú agus forléirithe de réir dhlíthe Phoblacht na hÉireann.

15.4 Slánaíocht

Slánóidh agus coimeádfaidh an Páirtí/na páirtithe a fhaigheann sonraí slánú agus coimeádfaidh siad slánú an Pháirtí/na bPáirtithe a nochtann sonraí, ina n-iomláine, ó gach éileamh, imeacht, gníomh, damáiste, caillteanas, pionóis, fineálacha, tobhaigh, costais agus caiteachais, cibé acu caillteanas díreach nó indíreach agus gach caillteanas iarmhartach nó indíreach ar bith a eascraíonn as, i leith nó i dtaca le haon sárú ag an bPáirtí/Páirtithe a fhaigheann sonraí, lena n-áirítear a gcuid seirbhíseach, ceanglais maidir le cosaint sonraí.

15.5 Foilsiú

15.5.1 Curi láthair Poiblí agus Fógra a fhoilsiú

Déanann an tAonad Rialachais Sonraí in OGCIO cur in iúl thar ceann na bpáirtithe. Ceanglófar ar gach ceann de na páirtithe beartaithe fógra a fhoilsiú, ar an dáta céanna leis an gcomhairliúchán, ar a láithreán gréasáin go bhfuil sé beartaithe acu dul isteach sa DSA. Ba



cheart dóibh na doiciméid atá inrochtana ag an bpobal a lua agus nasc a dhéanamh lena ráitis ábhartha DSA agus DPO a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin na gcomhairliúchán poiblí. Ba chóir go n-iarrfaidh an fógra seo aighneachtaí agus ba cheart dáta foilsithe an fhógra a bheith san áireamh ann.

15.5.2 Foilsiú DSA Forghníomhaithe

Tar éis do na páirtithe aghaidh a thabhairt argach ceann de mholtaí an Bhoird um Rialachas Sonraí agus tar éis don Phríomh-Ghníomhaireacht maidir leis an gComhaontú um Chomhroinnt Sonraí cóip den chomhaontú deiridh a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin atá á chothabháil aige a luaithe is indéanta tar éis cóip den chomhaontú a sheoladh chuig an Aonad um Rialachas Sonraí a ghlacfaidh leis an thar ceann an Aire.

15.6 Bun-Chláranna

Maidir leis an gComhaontú Comhroinnte Sonraí seo, i gcás ina bhfuil na sonraí pearsanta a nochtar i gClárann Bonn, glacfaidh úinéir na Bonn-Chlárainne ról na Príomhghníomhaireachta.



16. Sceideal A - Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

Má rinneadh measúnú tionchair ar chosaint sonraí (DPIA) maidir leis an gcomhroinnt sonraí lena mbaineann an Comhaontú Comhroinnnte Sonraí seo, ní mór achoimre ar na hábhair dá dtagraítear in Airteagal 35(7) den GDPR a líonadh sa tábla thíos.

NÓ

Mura ndearnadh measúnú tionchair ar chosaint sonraí toisc nach bhfuil sé éigeantach i gcás nach bhfuil "baol ard do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha" (Airteagal 35 den GDPR) mar thoradh ar phróiseáil, leagtar amach na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin sa tábla thíos.

DPIA		ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR AR CHOSAINT SONRAÍ
Rinneadh é [roghnaigh go cuí]	<input type="checkbox"/>	
Ní dhearnadh [roghnaigh go cuí]	<input checked="" type="checkbox"/>	Thug Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta faoi chleachtadh scagtha chun a chinneadh an raibh gá le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) faoi Airteagal 36 den RGCS. As a gcinneadh, ní dócha go mbeadh aon riosca ard ann do chearta agus saoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí. Dá réir sin, níl Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí iomlán déanta.

Tábla 6.0

Tabhair do d'aire: Má leasaítear an Comhaontú comhroinnnte sonraí chun athrú ar raon feidhme, ar fhoirm nó ar inneachar na próiseála sonraí a léiriú, tá oibleagáid ar na rialaitheoirí sonraí a mheas an bhfuil ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar na hathruithe, sa mhéid is gur cheart DPIA a chur i gcrích.

Faoi Alt 20(4) den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, ní mór dréacht-chomhaontú leasaithe a chur faoi bhráid an Bhoird um Rialachas Sonraí lena athbhreithniú de réir Chuid 9, Caibidil 2 den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí.



17. Sceideal B

17.1 Riachtanach chun Feidhm a Chomhlíonadh

Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a bhfuil gá le faisnéis a nochtadh faoin gcomhaontú seo chun an fheidhm ábhartha a chomhlíonadh agus mínigh cén fáth a bhfuil sí comhréireach sa chomhthéacs sin.

| Is comhairlí reachtúil é/í Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le hiarratais ar Thoilíú Aire - féach thíos:

Is é alt 14 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930, á leasú le halt a 5 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 2004, an dlí is infheidhme maidir le Toiliú Aire. Deonaítear toiliú de rogha an Aire, tar éis dul i gcomhairle le Stiúrthóir an Ard-Mhúsaem - féach thíos:

(2) (a) Maidir le séadchomhartha náisiúnta lena mbaineann fo-alt (1) agus de rogha an Aire, féadfaidh an tAire toiliú i scríbhinn a thabhairt chun ceann amháin nó níos mó de na nithe a shonraítear i míreanna (a) go (d) d'fho-alt (1) den alt seo (dá ngairtear 'oibreacha a dhéanamh' san fho-alt seo) a dhéanamh chuig séadchomhartha den sórt sin.

(b) (i) Rachaidh an tAire i gcomhairle i scríbhinn le Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann sula ndeonóidh sé toiliú faoi mhír (a) den fho-alt seo.

Tá an t-eolas ag teastáil le go mbeidh eolas iomlán stairiúil ag Ard-Mhúsaem na hÉireann ar an séadchomhartha agus ar na hoibreacha go léir a bhaineann leis |

17.2 Bearta Sábháilteachta

Achoimriú a dhéanamh ar a mhéid is comhréireach na bearta sábháilteachta is infheidhme maidir leis na sonraí a roinntear faoin gcomhaontú seo, ag féachaint d'fheidhmiú feidhmeanna na bPáirtithe agus d'éifeachtaí an nochtá ar chearta na n-ábhar sonraí lena mbaineann.

| Seoltar ríomhphost le gach iarratas trí ríomhairí glúine na Roinne faoi bhearta slándála TF na Roinne atá i bhfeidhm cheana féin, stóráiltear an fhaisnéis ar fad ar fhreastalaithe na Roinne amháin, tá rochtain ag an bhfoireann ar shonraí amháin, tá sonraí leibhéal an-íseal á roinnt, ainmneacha, seoltaí, uimhreacha gutháin.

Tá an teolas a fhaigheann Ard-Mhúsaem na hÉireann á choinneáil slán i gcomhréir lena oibleagáidí faoi Airteagal 32 GDPR Slándáil sonraí pearsanta. |



18. Sceideal C

18.1 Liosta páirtithe sa Chomhaontú seo

Leag amach ainmneacha na bPáirtithe go léir sa chomhaontú.

Mar a cheanglaítear faoi alt 21(3)(a), (b) agus (c) den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019, ní mór don Phríomhghníomhaireacht an Sceideal seo a nuashonrú chun aon Pháirtithe a chuaigh isteach i gcomhaontú aontachais a áireamh, agus aon Pháirtí a tharraing siar óngréisc abhaint. Ní mór don Phríomhghníomhaireacht aon leasuithe ar an Sceideal seo agus ar an mBord um Rialachas Sonraí a chur in iúl do na Páirtithe eile.

- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta) agus
- Ard-Mhúsaem na hÉireann |



19. Sínitheoir Údaraithe

Ceanglaítear ar shínitheoir údaraithe an Comhaontú Comhroinnte Sonraí seo a shíniú tar éis do gach moladh a rinne an Bord Rialachais Sonraí aghaidh a thabhairt orthu agus sular féidir an Comhaontú Comhroinnte Sonraí a chur i gcrích.

Tá ról na cuntasachta ag an sínitheoir seo as an gcomhroinnt sonraí a shainítear sa Chomhaontú Comhroinnte Sonraí seo agus tá post an Phríomhoifigigh (achomhionann) nó a mhalairt aige.

Comhaontaíonn na Páirtithe leis seo a n-oibleagáidí de bhun an Chomhaontaithe Comhroinnte Sonraí seo maidir le haistriú sonraí pearsanta mar a thuairiscítear sa Chomhaontú Comhroinnte Sonraí seo.

19.1 Príomhghníomhaireacht

PRÍOMHGHNÍOMHAIREACHT	
Síniú:	<input type="text"/> <input type="text"/> Dáta: <input type="text"/> <input type="text"/>
Ainm priontála:	<input type="text"/>
Seasamh a bhí i seilbh:	[Cuir isteach post an tSínitheora Údaraithe]
Ríomhphost:	<input type="text"/>
Ar son agus thar ceann:	[Cuir isteach ainm na heagraíochta]

Tábla 19.0

19.2 Páirtí/Páirtithe Eile

PÁIRTÍ EILE	
Síniú:	<input type="text"/> <input type="text"/> Dáta: <input type="text"/> <input type="text"/>
Ainm priontála:	<input type="text"/>
An post a bhí i seilbh;	[Cuir isteach post an tSínitheora Údaraithe]
Ríomhphost:	<input type="text"/>
Ar son agus thar ceann:	[Cuir isteach ainm na heagraíochta]

Tábla 19.1



Ráiteas na nOifigeach Cosanta Sonraí

Tá an Ráiteas seo ar leithligh ón gComhaontú Comhroinnte Sonraí. Ceanglaítear leis an dlí é faoi alt 55(1)(d) den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019. Ní mór do na hOifigigh Cosanta Sonraí i ngach Páirtí beartaithe an ráiteas seo a shíniú agus a chomhlánú sula gcuirtear an Comhaontú Comhroinnte Sonraí faoi bhráid an Aonaid Rialachais Sonraí um Chomhairliúchán Poiblí agus arís ag céim an fhorghníomhaithe. Foilseofar an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin poiblí.

Ní mór do na hOifigigh Cosanta Sonraí i ngach Páirtí beartaithe sa Chomhaontú Comhroinnte Sonraí seo a chinntiú:

- athbhreithniú déanta acu ar an gcomhaontú atá beartaithe, agus
- sásta nach mbeadh sárú ar an dlí cosanta sonraí mar thoradh ar chomhlíonadh théarmaí an chomhaontaithe atá beartaithe,
- sásta go bhfuil an comhaontú comhsheasmhach le hAirteagal 5(1) den GDPR

Comhaontaíonn na Páirtithe leis seo a n-oibleagáidí de bhun an Chomhaontaithe Comhroinnte Sonraí seo maidir le haistriú sonraí pearsanta mar a thuairiscítear sa Chomhaontú Comhroinnte Sonraí seo.


Ráiteas DPO na Príomhghníomhaireachta

RÁITEAS OIFIGEACH COSANTA SONRAÍ PRÍOMHGHNÍOMHAIREACHTA			
Tá athbhreithniú déanta agam ar an gcomhaontú atá beartaithe		<input checked="" type="checkbox"/>	
Táim sásta nach sáródh comhlíonadh na bPáirtithe beartaithe téarmaí an chomhaontaithe atá beartaithe sárú ar an dlí um chosaint sonraí		<input checked="" type="checkbox"/>	
Táim sásta go bhfuil an comhaontú comhsheasmhach le hAirteagal 5(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí		<input checked="" type="checkbox"/>	
Síniú:	Paul Bonnington	Dáta:	31/8/22
Ainm priontála:	Paul Bonnington		
Post:	Oifigeach Cosanta Sonraí		
Ríomhphost:	Data.Protection@housing.gov.ie		
Ar son agus thar ceann:	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta		

Tábla 19.2



Ráiteas DPO ó Pháirtí/Pháirtithe Eile

RÁITEAS OIFIGH COSANTA SONRAÍ AN PHÁIRTÍ EILE	
Tá athbhreithniú déanta agam ar an gcomhaontú atá beartaithe	<input checked="" type="checkbox"/>
Táim sásta nach sáródh comhlíonadh na bPáirtithe beartaithe téarmaí an chomhaontaithe atá beartaithe sárú ar an dlí um chosaint sonraí	<input checked="" type="checkbox"/>
Táim sásta go bhfuil an comhaontú comhsheasmhach le hAirteagal 5(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí	<input checked="" type="checkbox"/>
Síniú:	 Dáta: 31.08.22
Ainm priontála:	Aoife McBride
Post:	Oifigeach Cosanta Sonraí
Ríomhphost:	amcbride@museum.ie
Ar son agus thar ceann:	Ard-Mhúsaem na hÉireann

Tábla 19.3